

## Foirm Iarratais - Ciste an Phobail 2023

### Tacaíocht Do Thograí Teangabhunaithe i nGaeltacht Iorrais

Tá buiséad beag *teoranta* ar fáil do thionscadail a thacaíonn le spriocanna phlean teanga Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht Iorrais a bhaint amach.

Is d'imeachtaí/gníomhaíochtaí nó tionscadail **nua** teangabhunaithe a léiríonn dea-thionchar ar úsáid nó ar chleachtas teanga sa phobal seo atá an maoiniú seo dírithe. Ní fhéadfar tacú le himeachtaí seanbhunaithe mura bhfuil gné nua á cur leo.

Leagtar amach sa cháipéis seo treoirínte caiteachais & maoinithe choiste stiúrtha pleanála teanga (CSPT) Ghaeilge Iorrais i dtaca le heagraíochtaí nó grúpaí sa limistéar pleanála teanga seo (LPT) a dhéanann iarratas ar thacaíocht airgid d'imeachtaí sa cheantar.

Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le tacaíocht airgid a fháil ó Ghaeilge Iorrais:

- Caithfear cloí i gcónaí le Prionsabail an Chóid um Chaiteachas Poiblí lena n-áirítear luach ar airgead, caiteachas éifeachtúil & éifeachtach, freagracht & trédhearcacht iomlán, measúnú & athbhreithniú agus caiteachas deimhnithe (seic EFT, sonrasc & admháil).
- Caithfear an caiteachas a dhíriú ar **sprioc áirithe a bhaint amach a mbeidh tionchar dearfach aige ar iompar teanga.**
- Gníomhaíocht nua, nó forbairt shuntasach ar ghníomhaíocht a bhí ar siúl cheana, a chuireann an Ghaeilge chun cinn san LPT a bheith i gceist leis an imeacht.
- Níl caiteachas caipitil ceadaithe faoin gciste seo (m.sh. trealamh, obair ar fhoirgneamh srl).
- Fógraíocht/poiblíocht i nGaeilge/dhátheangach a dhéanamh ar an imeacht agus úsáid na Gaeilge lena linn a chur chun cinn agus a éascú.
- Briseadh síos miondealaithe den chaoi a gcaifear an t-airgead a chur ar fáil do Ghaeilge Iorrais agus sonrasc/admháil a chur ar fáil.
- Is gá an t-iarratas comhlíonta seo a bheith istigh ar a laghad ceithre sheachtain roimh thús dháta an tionscadail nó an imeachta i gceist.
- Ní ghlacann Gaeilge Iorrais aon fhreagracht maidir leis an tionscnamh nó an t-imeacht molta a bheidh a réachtáil. Is faoin gcoiste i gceist a chinntiú go mbeidh chuile shórt in ord go cuí (.i. polasaithe, árachas, gdpr agus mar sin de).

Gaeilge Iorrais – An coiste stiúrtha pleanála teanga i nGaeltacht Iorrais (Márta, 2023).

**1) SONRAÍ TEAGMHÁLA**

(i) Ainm an Choiste \_\_\_\_\_ (ii) Ainm an Iarratasóra \_\_\_\_\_

Seoladh \_\_\_\_\_

Teagmhálaí \_\_\_\_\_ Fón: \_\_\_\_\_

Oifigigh an Choiste \_\_\_\_\_

**2) AN TIONSCADAL Déan cur síos iomlán ar a bhfuil i gceist leis an tionscadal / ócáid / imeacht**

a. Teideal/Ainm: (céard atá i gceist a dhéanamh / a reáchtáil) \_\_\_\_\_

b. Dátaí (cathain / cén fhad an mbeidh an tionscadal ar siúl) \_\_\_\_\_

c. Suíomh / láthair (cá mbeidh an ócáid / imeacht / tionscadal ar siúl) \_\_\_\_\_

d. Cur síos ar an tionscadal: (céard go díreach atá á mholadh / céard a bheidh ag tarlú?)

---

---

---

---

---

---

---

---

e. Méid daoine páirteach san iomán: \_\_\_\_\_ Méid daoine páirteach sa tionscadal nua seo: \_\_\_\_\_

f. Cén spriocghrúpa ar a bhfuil an t-imeacht seo dírithe? \_\_\_\_\_

(m.sh. páistí as scoileanna Gaeltachta, foghlaimoirí fásta, leanaí réamhscoile, teaghlaigh, déagóirí & mar sin de ...)

**g. Céard iad na réimsí &/ nó na bearta den phlean teanga a mbeidh an tionscadal ag tacú leo?**

Tá cóip de Phlean Teanga an cheantair seo le fáil ag <http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/arbplean-our-plan>

---

---

---

---

- Réimse A: An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- Réimse B: Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta, tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- Réimse C: Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- Réimse D: Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
- Réimse E: An Earnáil Ghnó
- Réimse F: Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn
- Réimse G: Na Meáin Chumarsáide
- Réimse J: Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- Réimse K: Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith

### **3) TIONCHAR TEANGA**

**a. Cén tionchar gearrthréimhseach a bheidh ag an tionscadal seo ar chúrsaí teanga i bpobal na Gaeltachta seo (i. le linn shaolré an thionscadail)?** .i. Mar shampla, cén chaoi a gcuirfidh an tionscadal le húsáid nó le foghlaim nó le sóisialú nó le feiceálacht nó le tábhacht na Gaeilge nó le féiniúlacht na Gaeltachta seo?

---

---

---

---

**b. Cén tionchar fadthréimhseach a bheidh ag an tionscadal seo ar chúrsaí teanga i bpobal na Gaeltachta seo (i. cén tionchar a bheidh ag an tionscadal seo ar chúrsaí teanga sa phobal a mhairfidh i ndiaidh shaolré an tionscadail)?**

---

---

---

---

**c. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat tionchar teanga an tionscadail seo a mheas?** (m.sh. aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe nó eile?)

---

---

### **4) FÓGRAÍOCHT / POIBLÍOCHT & AITHEANTAS POIBLÍ DO GHAEILGE IORRAIS**

**An mbeidh an fhógraíocht / poiblíocht don imeacht seo i nGaeilge amháin (nó go dátheangach le tosaíocht shoiléir don Ghaeilge)?** .i. Mar shampla, cén chaoi an mbeidh a fhios ag an bpobal go mbeidh an tionscadal nua seo ar siúl i nGaeilge agus le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais?

- a. Cóip den phóstaer / fógraíocht / preasráiteas / postáil ar na meáin shóisialta –
- b. Lógó Ghaeilge Iorrais le bheith san áireamh ar aon phoiblíocht, póstaer, clár srl (aitheantas soiléir poiblí)
- c. Tagairt nó tagáil @GaeilgeIorrais ar na meáin shóisialta (m.sh. 'le tacaíocht ó @GaeilgeIorrais')
- d. Aon ghrianghraif a léiríonn úsáid na Gaeilge i measc na rannpháirtithe? (& cead é a thabhairt do GI don nuachtlitir)

---

---

---

---

## 5) COSTAIS

Déan cur síos ar na costais iomlána agus ar fhoinsí ioncaim eile a bhaineann leis an tionscadal

Costais	€	Foinsí Ioncaim	€
<b>Iomlán</b>		<b>Fuilleach</b>	

Méid iomlán atá á lorg ó Ghaeilge Iorrais: \_\_\_\_\_

## 6) SÍNIÚ

Thar cheann an ghrúpa / na heagraíochta thuasluaite, iarraim tacaíocht airgid don imeacht / togra thuas ar Ghaeilge Iorrais. Tá muid sásta na critéir a luaitear ar leathanach 1 (treoirínte caiteachais & maoinithe) a chomhlíonadh agus cuirfidh muid tuairisc bheag / fianaise ar fáil ag críoch an tionscadail.

Sínithe thar ceann an Choiste/Iarratasóra: \_\_\_\_\_ **Dáta:** \_\_\_\_\_

Sínitheoir 2: \_\_\_\_\_ **Dáta:** \_\_\_\_\_

### Nótaí

- 1) Beidh eolas maidir le sonraí bainc á lorg má cheadaítear an maoiniú.
- 2) Íocfar an maoiniú tar éis don iarratasóir / coiste tuairisc ar an tionscadal a chur ar fáil don Oifigeach Pleanála Teanga ag deireadh an tionscadail agus **roimh 1ú Deireadh Fómhair 2023**.
- 3) Íocfar an maoiniú ar an gcoinníoll go dtabharfar aitheantas soiléir poiblí (ó bhéal &/nó i scríbhinn) do Ghaeilge Iorrais in aon phoiblíocht a dhéanfar ar na meáin chumarsáide agus shóisialta faoin tionscadal.
- 4) Cosaint Sonraí: Ní roinnfear mionsonraí an iarratais seo le haon duine ach amháin an OPT and Coiste Ghaeilge Iorrais a dhéanfas an t-iarratas seo a mheas. Beidh sonraí an chiste seo agus aon tacaíocht a chuireann Gaeilge Iorrais ar fáil le fáil go poiblí.
- 5) Má tá aon cheistanna maidir leis an bhfoirm iarratais seo déan teagmháil leis an oifigeach pleanála teanga ag [gaeilgeiorrais@gmail.com](mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com) nó [oifig.gi@gmail.com](mailto:oifig.gi@gmail.com)

## DON OIFIG AMHÁIN

Oifigeach Pleanála Teanga (síniú) \_\_\_\_\_ Méid atá á mholadh \_\_\_\_\_

Údaraithe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Cathaoirleach/Bainisteoir (Ceanneagraíocht)

Aon Eolas Ábhartha Eile